Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2007*

# *Teicneolaíocht Ábhar Adhmad*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (40 Marc)*

***Dé Luain 18 Meitheamh***
***Trathnóna 2.00 go 4.00***

***Treoracha***

(a) *Freagair* ***sé cheist déag*** *ar bith .*
(b) *Tá na ceisteanna uile ar aon mharc .*
(c) *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*
(d) ***Ní mór*** *an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe .*
(e) *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile.*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúduimhir :***


| | |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4(a) nó 4(b) | |
| 5 | |
| **Móriomlán** | |

## ROINN A - 40 MARC


**Freagair 16 cheist ar bith ón Roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ón liosta a thugtar, ainmnigh na tairní a thaispeántar.

**A**



**B**




**Tairne rocach**
**Stápla**
**Pionna painéil**
**Tairne ceannleathan**
**Tairne cumhdaitheoireachta**
**Sreangthairne cruinn**

**AINM A** ______ **AINM B** ______

**2.** Ainmnigh an uirlis a bhfuil an lipéad **A** uirthi sa léaráid agus luaigh an úsáid a bhaintear aisti.

**A**




**AINM** ______

**ÚSÁID** ______

**NÓ**

Ainmnigh an uirlis a bhfuil an lipéad **B** uirthi sa léaráid agus luaigh an úsáid a bhaintear aisti.


**B**



**AINM** ______


**ÚSÁID** ______

**3.** Ainmnigh gné an tsnáithe a thaispeántar ag **A**?




**AINM** ______

**4.** Ainmnigh an feistiú a thaispeántar agus luaigh an úsáid cheart a bhaintear as.




**AINM**


**ÚSÁID**

**5.** Luaigh na crainn ar an liosta óna dtagann na **síolta** seo.

**A**



**B**




**BEITH**
**PÉINE**
**DAIR**
**CUILEANN**
**SEICEAMAR**
**FUINSEOG**

**AINM A**

**AINM B**

**6.** Ainmnigh an uirlis chumhachta a thaispeántar sa léaráid.




**AINM**

**7.** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is ceart a dhéanamh nuair a úsáidtear uirlisí iniompartha cumhachta leictrí.

1.

2.


**8.** Conas is féidir an snáithe cinn ar chlár leathan a phlánáil, gan na corra (ciumhaiseanna) a smiotadh, mar a thaispeántar sa léaráid?



**FREAGRA**

**9.** Sa léaráid taispeántar gearradh de thamhan crainn.
Ainmnigh an t-adhmad dorcha a thaispeántar ag **A**?


**AINM**




**10.** Taispeán le tic ( ✔ ) cé acu cineál stálaithe is oiriúnaí d'adhmad a úsáidtear sna háiteanna seo a leanas:


| | **Aerstálú** | **Stálú áithe** |
|---|---|---|
| **Cuaillí fáil** | | |
| **Cláir urláir** | | |
| **Seilfre** | | |
| **Conchró madra** | | |
| **Bord cistine** | | |

**11.** Cé acu de na fórsaí seo a leanas a choimeádann lann sábh cóipeála i bhfearas?
(a) Comhbhrú
(b) Teannas
(c) Torc



**FREAGRA**

**12.** Cén fáth a ndéantar cinn planc a phéinteáil sula ndéantar stálú orthu?




**FREAGRA**

**13.** Nuair a chastar babhla mór adhmaid ar an deil, ar cheart luas na deile a shocrú ag **mear** nó **mall**?


**FREAGRA**

**14.** Ainmnigh feidhm amháin atá ag fréamhacha crainn.




**FREAGRA**

**15.** Sa léaráid taispeántar stialltéitheoir leictreach. Cén úsáid a bhaintear as an téitheoir seo?




**FREAGRA**

**16.** Sa léaráid taispeántar rianaire ordóige. Cén úsáid a bhaintear as rianaire ordóige?




**FREAGRA**

**17.** Críochnaigh an léaráid den leathalt crosach a thaispeántar.




**18.** Go minic ceanglaítear cláir urláir trí úsáid a bhaint as an alt a thaispeántar. Ainmnigh an t-alt.




**AINM**

**19** Cén údáid a bhaintear as ladhar an chasúir a thaispeántar?



**FREAGRA**

**20.** Luaigh úsáid amháin a bhaintear as ríomhaire i gceardlann Teicneolaíocht Ábhar Adhmad?



**FREAGRA**

**<u>Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.</u>**

LEATHANACH BÁN

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S53BT

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2007*

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*
# *Gnáthleibhéal*
## *Roinn B (60 Marc)*


### *Treoracha*
*(a) Freagair **trí cheist** ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*
*(b) Nuair is gá sceitsí, is féidir sceitsí saorláimhe a dhéanamh nó úsaid a bhaint as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil.*
*(c) Scríobh do scrúduimhir ar do leabhar freagraí agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

1. Sa léaráid taispeántar seastán do dhioscaí (DVDs). Tá an seastán déanta as péine soladach.

(i) Déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an ceann **A** a shiúntáil leis an mbun **B**. Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí.

(ii) Tá barr phíosa **A** cuartha, mar a thaispeántar. Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an cuar seo a ghearradh amach agus a chuaradh chun go mbeidh bailchríoch mhín air. Báin úsáid as nótaí agus sceitsí.

(iii) Liostaigh **dhá** uirlis a d'úsáidfí chun píosa **A** a churadh. Déan léaráid néata de uirlis **amháin** díobh seo.




**2.** Sa léaráid taispeántar liníocht phictiúrtha de bhosca uirlisí, le haghaidh uirlisí beaga tí a stóráil. Tá an t-ábhar go léir **10mm** ar tiús.

(i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **A**.

(ii) Teilg **Taobhchló** ón gcló seo.

(iii) Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise ar an líníocht agus taispeáin go soiléir na toislínte agus na cinn saighde.




**3.** Sa léaráid taispeántar íomhá den ghnáthchiaróg throscáin (an réadán).

(i) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí le cur síos a dhéanamh ar shaolré an ghnáthchiaróg throscáin faoi na ceannteidil seo a leanas:
   (a) Uibheaca
   (b) Larbha
   (c) Pupa
   (d) Ciaróg fhásta.

(ii) Mínigh conas a dhéanfá cóireáil ar phíosa troscáin ionsaithe ag an réadán.




(3mm)

## 4. Freagair A nó B

**4A.** Sa léaráid taispeántar slacán (maide) daorchluiche a casadh ar an deil.
Tá an maide le déanamh ón bpíosa adhmaid a thaispeántar ag **A**.






(i) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí le cur síos a dhéanamh ar **thrí** chéim ba chóir a thógáil chun an t-adhmad a ullmhú lena chur i bhfearas ar an deil.


(ii) Ainmnigh uirlis deilte amháin a d'úsáidfí chun an píosa seo a chasadh.
Déan léaráid néata den uirlis seo.

(iii) Liostaigh **dhá** riail sábháilteachta ba chóir a fheidhmiú agus an deil in úsáid.

**NÓ**

**4B.** Sa léaráid taispeántar modh amháin chun litreoireacht a aistriú ó pháipéar go píosa adhmaid.


(i) Mínigh an modh seo, mar a thaispeántar sa léaráid é.




(ii) Tarraing saorsceitse néata d'uirlis snoíodóireachta a d'úsáidfí chun na litreacha seo a shnoí.
Ainmnigh an uirlis seo.

(iii) Tá an phlaic chríochnaithe le feistiú ar dhoras agus dhá scriú cheannleacaithe á n-úsáid.
Bain úsáid as nótaí agus sceitsí le miniú conas a dhéanfá an t-adhmad a ullmhú chun glacadh leis na scriúnna.

**5.** Sa léaráid taispeántar seastán aclaíochta do phiscín cait.



(i) Mol ábhar oiriúnach dóibh seo:
(a) Na hardáin
(b) An cuaille lárnach.
Tabhair cúis **amháin** le do rogha ábhar i ngach cás.

(ii) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata le **dhá** athrú sa dearadh a mholadh, a chuirfeadh feabhas ar chruth an tseastáin aclaíochta seo.

(iii) Mol bailchríoch oiriúnach don seastán agus tabhair **dhá** chúis le do rogha bailchríoch.